Téacs an Caibidil fa'n Ġaeltaċt

(ar lean.)

EAGRÚ LE HAGHAIDH FORBARTHA

102. Mhol an Coimisiún tuilleadh cumhachtaí fairsinge a thabhairt do Ghaeltarra Éireann chun gníomhaíochtaí éagsúla a chur chun cinn sa Ghaeltacht. Ina measc siúd áirítear na nithe seo a leanas: tionscail leictreonach, tionscail a bhunófaí ar phróiseáil bunábhar (ar a n-áirítear bia) a bheadh ar gáil sa cheantar, lárionaid áitiúla le haghaidh tógáil muc, grísciní agus caorach sléibhe, portaigh a mhíntiriú, agus, b'fhéidir, óstlanna leathmhóra a thógáil. Tá an Rialtas tar éis a chinneadh go gcaithfidh Gaeltarra Éireann bheith ina phríomhghléas chun gníomhaíochtaí eacnamaíocha de chineál tionsclaíoch a fhorbairt i ngach limistéar Gaeltachta.

103. Rinne an Coimisiún tagairt do shean-Bhord na gCeantar gCúng, ach tá athrach scéil ann anois thar mar a bhí 70 bliain ó shin nuair a bunaíodh an Bord sin, óir tá Ranna Rialtais, comhlachtaí Stát-urraithe agus údaráis áitiúla againn anois atá ag gabháil d'iliomad gníomhaíochtaí a dhéanann leas don Ghaeltacht. Beidh sé mar mhór-chuspóir faoi bheartas an Rialtais a áirithiú nach é amháin go dtabharfaidh gach ceann de na heagraíochtaí sin aird ar leith ar riachtanais na Gaeltachta ach go ndéanfar freisin comhordú ar a ngníomhaíochtaí ar bhealach a dheimhneoidh go ndéanfar an dul chun cinn is fearr is féidir i ngach ceantar Gaeltachta ar leith.

104. Ag féachaint dó do riachtanais na gcontaetha cúnga, bhunaigh an Rialtas, sa bhliain 1963, foirne forbartha a raibh ionadaithe orthu ó na heagraíochtaí seirbhíse poiblí atá ag oibriú i ngach ceann de na contaetha sin. Is é an cuspóir atá acu sin comhordú níos dlúithe a thabhairt chun críche idir na foirne áitiúla atá ag na Ranna Rialtais, ag comhlachtaí Stáit agus ag údaráis áitiúla i dtreo go n-oibreoidh na hoifigh i gcomhar lena chéile d'fhonn acmhainn an chontae a fhorbairt.

105. Tá atheagar á chur ar chóras na bhfoirne forbartha áitiúla de thoradh na taithí atá acu ar a gcuid oibre; san atheagrú sin tabharfar aird ar leith ar an nGaeltacht agus cuirfear de chúram speisialta ar fhochoiste de gach foireann (fochoiste a mbeidh stiúthóir áitiúil Roinn na Gaeltachta ina chathaoirleach air) forbairt eacnamaíoch na gceantar Gaeltachta ina gcontae féin a chur ar aghaidh. Déanfar socrú den sórt sin freisin don Rinn, áit atá lasmuigh de na contaetha cúnga. Ba mhór ab fhiú é dá mbeadh coiste dá leithéid sin ann a cheapfadh comhlachtaí deonacha i ngach ceantar ar leith ionas go bhféadfadh an dá dhream riachtanais an cheantair a phlé i gcomhar lena chéile; tá socrú den sórt sin á dhéanamh d'fhonn go bhféadfaidh na foirne forbartha contae agus na comhlachtaí deonacha teacht le chéile le haghaidh cruinnithe sna ceantair chúnga i gcoitinne.

SAINMHÍNIÚ NA GAELTACHTA

Moladh 75: Gurb í an Ghaeltacht mar a cinneadh í le hOrdú na Limistéirí Gaeltachta, 1956, a ghlacfaí feasta mar limistéar bunaidh le haghaidh gach scéime don Ghaeltacht, ach go bhféadfaí, b'fhéidir, ceann amháin nó an dá cheann de na coilíneachtaí imirceoirí ón Ghaeltacht atá i gCo. na Mí a chur leis.

Moladh 76: Go gcuirfí fiosrú ar bun i gceann gach cúig bliana chun comhairle a thabhairt i dtaobh aon athruithe ba ghá a dhéanamh ar theorainneacha na Gaeltachta.

106. Glacann an Rialtas le tuairim an Choimisiúin gurb í an Ghaeltacht mar a cinneadh í le hOrdú 1956 a ghlacfaí mar limistéar bunaidh le haghaidh na scéimeanna go léir don Ghaeltacht feasta ... neadh í le hOrdú 1956. Mar shampla, tá an deontas bliantúil i leith páistí a bhfuil an Ghaeilge acu ó dhúchas iníoctha in dhá scoilcheantar i gCo. na Mí. Leanfar den socrú sin, ach ní mheastar gur gá na scéimeanna uile don Ghaeltacht, a lean as an nganntanas talún atá san Iarthar, a leathnú go Gaeltacht Chontae na Mí. Athbhreithneofar teorainneacha na Gaeltachta ó am go ham, in ionad iad a athrú i gceann tréimhsí rialta, de réir mar a bheidh an taithí orthu á thaispeáint gur gá athrú a dhéanamh.

TIONSCAL

Moladh 77: Go ndéanfaí Gaeltarra Éireann a neartú go mór chun go bhféadfadh sé bheith chomh feidhmiúil i bhforbairt eacnamaíocht na Gaeltachta agus a bhí Bord na gCeantar gCúng. Molaimid go ndéanfaí, más gá sin, an tAcht um Thionscail na Gaeltachta, 1957, a leasú de réir mar a oireann.

Moladh 78: Go mbunódh Gaeltarra Éireann sa Ghaeltacht, uaidh féin nó i bpáirtíocht le tionsclaithe Éireannacha nó eachtrannacha:

(a) tionscal leictreonach nó tionscal eile den chineál sin a tháirgfeadh earra ardluacha a mbeadh a chostas iompair saor;

(b) roinnt tionscal a bhainfeadh le bunábhair an cheantais—muirbhianna, glasraí, torthaí agus feamainn a phróiseáil, agus marmar agus cloch éibhir a úsáid le haghaidh cuspóirí éagsúla, agus tionscail eile dá leithéidí sin, atá i gceist againn; molaimid go ndéanfaí, nuair is féidir sin, comharaonaid áitiúla a eagrú.

Moladh 79: Go ndéanfadh Gaeltarra Éireann tionscail thraidisiúnta na Gaeltachta a leathnú go mór—fíodóireacht, lámhchniotáil, bróidnéireacht—agus tionscail ar nós déanamh cuimhneachán, saoirseacht bád agus cineálacha éagsúla adhmadóireachta a chur chun cinn, mar thionscail mhonarchan agus mar thionscail tinteáin. Mar chuid den chlár forbartha sin, measaimid gur chóir aon tionscail nach bhfuil ag íoc astu féin a scor agus tionscail a bhúnú ina n-ionad a chuirfeadh malairt fostaíochta ar fáil d'oibrithe sa Ghaeltacht.

Moladh 80: Gur chóir gurb í aidhm a bheadh leis an gclár forbartha tionscal don Ghaeltacht fostaíocht bherise a chur ar fáil do 200 fear oibre, ar a laghad, in aghaidh na bliana.

Moladh 81: Gur chóir tionscal amháin a bheadh réasúnta mór a bhunú i gceartlár gach ceann de na trí mór-Ghaeltachtaí, sa Mhumhain, i gConnachta agus i gCúige Uladh.

Moladh 82: De réir mar a bheidh breis fostaíochta lánaimsire á cur ar fáil sa Ghaeltacht, gur chóir an coigeartú is gá a dhéanamh ar an gcóras Cúnaimh agus Socair Dífostaíochta atá ann faoi láthair, ionas nach mbeadh sé a thuilleadh ag maolú ar fhonn daoine chun oibre, agus an t-airgead a shábhálfadh an Stát ar an dóigh sin, agus de thairbhe an laghdaithe ar líon na ndaoine dífhostaithe sa Ghaeltacht, a úsáid chun tionscail na Gaeltachta a leathnú tuilleadh.

Moladh 83: Gur chóir cúram ar leith a ghlacadh chun an tionsclaíocht a fhorbairt i ndlúthdháil le caomhnú agus neartú na Gaeilge, agus dá bhrí sin go bhfuil sé fíorriachtanach gurb í an Ghaeilge a bheadh á húsáid, ó thús, ag an lucht bainistíochta agus ag an lucht oibre uile san áit ina mbeadh an tionscal.

107. Faoi láthair ní íocann Gaeltarra Éireann ús ar an méid (£700,000) is ionann agus na sócmhainní a aistríodh chuige nuair a bunaíodh é i 1958; bíonn ús de réir an ghnáthráta ar airleacain ón Státchiste le híoc ar shuimeanna a tugadh don Bhord ó sin i leith. Tá athbheirithniú déanta ag an Rialtas ar an mbonn ar a gcuitear airgead ar fáil do Ghaeltarra Éireann agus tá beartaithe acu an eagraíocht a shaoradh ón dliteanas chun ús a íoc ... shaoradh freisin ón dliteanas chun ús a íoc ar airleacain a thabharfar feasta as an Státchiste, agus chun tosú ar na hairleacain sin a aisíoc. Leanfar de Dheontas-i-gCabhair a íoc i leith chostais an Bhoird; £100,000 an soláthar do 1964/65.

108. Tugann an tAcht um Thionscail na Gaeltachta, 1957, cumhachtaí fairsinge do Ghaeltarra Éireann. Cuireann sé ar chumas an Bhoird, le toiliú Aire na Gaeltachta arna thabhairt tar éis dó dul i gcomhairle leis an Aire Tionscail agus Tráchtála, cibé tionscal nó scéim shomhaoineach eile fostaíochta is oiriúnach leis a bhunú, a sheoladh nó a fhorbairt sa Ghaeltacht. I bhfianaise na gcumhachtaí fairsinge sin, measann an Rialtas nach gá Acht 1957 a leasú d'fhonn tuilleadh cumhachtaí ginearálta a thabhairt do Ghaeltarra Éireann, ach tabharfar reachtaíocht leasúcháin isteach:

(i) chun cumhacht a thabhairt do Ghaeltarra Éireann dul i bpáirtíocht, nó socruithe eile a dhéanamh, le comhlachtaí príobháideacha le haghaidh forbairt thionsclaíoch na Gaeltachta; ... ...

(ii) chun méadú a thabhairt ar an gcaipiteal is féidir a shol-... féin.

(iii) chun éifeacht a thabhairt do na faoisimh i leith aisíocaíochtaí caipitil agus úis a luaitear i mír 107.

109. Tá rannóg speisialta bunaithe ag Gaeltarra Éireann chun moltaí le haghaidh tionscal nua a bheadh oiriúnach lena mbunú sa Ghaeltacht a bhreithniú agus a mheas, agus tabharfar aird ar mholtaí an Choimisiúin nuair a bheidh beartas an Bhoird á shocrú. Maidir le moladh 83, tá lánaitheantas tugtha, agus leanfar de bheith á thabhairt, ag Gaeltarra Éireann do chaomhnú agus neartú na Gaeilge in obair na dtionscal atá á stiúradh aige.

110. Déantar breithniú i mír 113 anseo thíos ar an gcosúlacht a bheadh ann maidir le próiseáil torthaí agus glasraí sa Ghaeltacht. Tá socruithe á ndéanamh le daoine príobháideacha faoi mhonarcha a bhunú i nGaillimh chun aigéad algíneach agus a chuid salann a bhaint as an bhfeamainn. Méadóidh an mhonarcha sin ar an éileamh a tacht. Tá sé beartaithe acmhainn bheidh ar an bhfeamainn sa Ghaelfeamainne an Iarthair a scrúdú féachaint an bhféadfaí tuilleadh ... agus an chuid ó thuaidh de Ghaeltacht Mhúscraí Uí Fhloinn, ina bpáirt de na Limistéir Neamhfhorbartha. Dá bhrí sin tá na tionscail a bhunaítear iontu i dteideal na rátaí méadaithe deontais (go feadh dhá thrian de chostas na sócmhainní seasta) a íocann an Foras Tionscal. Cé go bhfuil tuairim is 150 tionscal bunaithe, nó ar tí a mbunaithe, sna Limistéir Neamhfhorbartha le cabhair na ndeontas sin, is é Gaeltarra Éireann a chaithfidh dlús a chur leis an tionsclaíocht sa Ghaeltacht, agus spreagfar é chun feidhm dhearbhfhóinteach a dhéanamh le tacaíocht chaipitil ón Rialtas. San am céanna leanfar de bheith ag déanamh gach dícheall chun lucht tionscal príobháideach a mhealladh chun na Gaeltachta, le cabhair ó dheontais an Fhorais Tionscal.

112. Mhol an Coiste Idir-Rannach um Fhadhbanna na bhFeirmeacha Beaga san Iarthar gur chóir, i gcás na bhfeirmeoirí beaga i gcoitinne, na coinníollacha ar a n-íoctar cúnamh dífhostaíochta a athbhreithniú ionas nach mbeidís ag maolú ar fhonn daoine chun oibre. Mar gheall ar chomh casta agus atá an scéal, ní mór do na ...

I gConnib na Gaeltaċta atá'n Páipéar Bán

Ag iarraiḋ a ċur in iúl go ḃfuil dotan á ḋéanaṁ

S. Mac Giolla Ḃáin.

Is aisteaċ ar fad é naċ ḃfuil an Páipéar Bán sásta fanaċt i mbun na fírinne féin, agus iad ag cur síos ar cúrsaí na Gaeltaċta.

Ar ndóiġ, sé an rud is aistí ar fad, nó gur ṡuiġ scata daoine ciallṁara síos, agus é de ċuspóir acu, de réir ċosúlaċt, a ṫaḃairt le fios don ṗobal go raiḃ gaċ rud ceart go leor insan Ġaeltaċt.

Is eol do ḋuine ar biṫ a rinne staidéar ar ċúrsaí na Gaeltaċta go ḃfuil an bás ag druidim leis an nGaeltaċt ar an ábar go ḃfuil an pobal ag fágáil go tiuḃ.

Ina ainneoin sin, caiṫeann an Páipéar Bán leiṫċéad leaṫanaċ ag cruṫú gur leor an méid atá á ḋéanaṁ ag an Rialtas i láṫair na h-uaire.

Ní gá níos mó de ḟreagra ar seo ná dul síos go dtí aon ċeantar insan nGaeltaċt, mar a ḃfuil fírinne an scéil le feiscint ins na tiṫe dúnta, ins na seomraí gan páistí, leis na clainn gan aṫair sa mbaile, agus leis na seandaoine gan duine ar biṫ ina gcúram.

Is an deacair a ṫuiscint. mar sin, cé'n fáṫ go suífeaḋ daoine síos, ar ċostas an Stáit, le doiciméid a ċurle céile ċun a ċur i dtuiscint go ḃfuil gaċ rud i gceart, agus go ḃfuil gaċ rud is féidir déanta don Ġaeltaċt.

Cé'n fáṫ, má ṁeasann siad go fírinneaċ naċ féidir níos mó a ḋéanaṁ, naċ n-abraíonn siad sin, agus naċ n-abraíonn siad amaċ go soiléir naċ ḃfuil aon rud aċ an bás inann don Ġaeltaċt, agus gur fearr éirí as cúrsaí na Gaeilge, má ċaiṫeann siad a ḃeiṫ bunaiṫe ar teanga ḃeo.

Aċ, is measa ná aisteaċ atá an scéal, nuair a cuirtear síos, agus ḟoilsítear ina ḋoiciméid oifigiúil eolas naċ ḃfuil ceart, nó naċ ḃfuil bunús leis ċor ar biṫ. Deirtear in alt 101, gur caiṫeaḋ £500,000 beagnaċ, sa Ġaeltaċt in 1963-64. Ní ḟacamar foilsiṫe fós na cuntaisí caiṫeaċais don ḃliain a ċríoċnaiġ ar an 31ú Márta, 1964. Cibé cé ċaoi ar féidir tagairt a ḋéanaṁ díoḃa i ndoiciméid a cuireaḋ le ċéile tamall maiṫ fada ó ṡin.

Seo mar a ḃí meastaċán na bliana seo de timpeall £570,000.

Tá beagnaċ £70,000 i leiṫ tuarastáil, pá, agus liúntais, agus costaisí taistil, agus oifige, agus ní naċ ionaḋ i mBaile Áṫa Cliaṫ a caiṫfear tromlaċ mór de sin. Tá £100,000 mar deontas do Ġaeltarra Éireann agus tá a ċeann-áras sin i mBaile Áṫa Cliaṫ, agus de réir cuntaisí deireannaċ an Ḃoird, bí praifid ar na h-oibreaċa insan nGaeltaċt aċ ar costaisí riaraċáin agus eile a ṫárla an ċailliúint.

Tá £186,000 de sin i leiṫ deontaisí tiṫe, rud atá ar fáil ar fud na tíre go léir (agus ní ag daoine boċta aṁáin, aċ daoine is saiḃre atá sa tír, Ḃainċéirí agus Tionsclóirí agus a leiṫéid), aċ aṁáin go ḃfuil beagáinín níos mó le fáil sa Ġaeltaċt, timpeall 20 p.c. níos mó.

Cad ċuige mar sin go ndéanfaí cnapú ar an airgead seo, agus é ċur isteaċ mar airgead speisialta atá dá ċaiṫeaṁ sa Ġaeltaċt? Ní féidir go mbeaḋ aon ċúis leis, aċ le cur in iúl do ḋaoine go ḃfuiltear ag caiṫeaṁ an iomad airgead ċeana féin insan Ġaeltaċt, rud atá le tuiscint ar fad tríd an Ṗáipéar Bán.

Tá £48,000 i leiṫ deontas na £5, agus cé go ḃfuil sé sin ag déanaṁ maiṫeas ó ṫaoḃ Gaeilge, níl sé a' ḋéanaṁ aon rud le bunús eacnamiceaċ agus Saoṫrú Seasta a ċur ar fáil do ṗobal na Gaeltaċta.

Tá £11,000 le caiṫeaṁ ar seirbísí iompair. Rud a beaḋ le caiṫeaṁ muna mbeaḋ Gaeltaċt ar biṫ ins na ceantraċa seo — Seirḃísí Báḋ go hOileán Árainn, go h-Oileán Ċléire agus a leiṫéidí.

Ní ḟágtar mar sin, as an £500,000 breá ramar, a luaiġeaḋ go leiṫéadaċ ar tús, aċ £111,000 do scéimeanna feaḃsúċáin, nó is ceart a ċuiṁniú gur taoḃ amuiġ den Ġaeltaċt a h-íoctar an £40,000 le páistí ó'n Ġalltaċt ċun saoire do ċaiṫeaṁ sa Ġaeltaċt. Agus an t-airgeaḋ seo do scéimeanna feaḃsúċáin, ṫáiniġ sé ón seana-ċiste forbarṫa náisiúnta, a bunaíoḋ roinnt ṁaiṫ blianta ó ṡin fá ċoinne cúiseanna forbarṫa náisiúnta, agus níor caiṫeaḋ cuid na Gaeltaċta re ċoṁ tapaí agus a ċaiṫeaḋ in áiteaċa eile. Agus anuraiḋ, nuair a ḃí £118,000 measta le caiṫeaṁ ar scéimeanna feaḃsúċáin seo, fágaḋ £24,179 gan caiṫeaṁ agus le cur ṫar n-ais insan Stáitċiste.

B'iad na príoṁ rudaí ar caiṫeaḋ airgead na scéimeanna feaḃsúċáin air, insan ḃliain a ċríoċnaiġ an 31ú Márta, 1963, ná:

£32,000 ar bóiṫre, £13,000 ar uisce ⁊ séaraċais; £12,000 ar Meánscoltaċa; £8,000 ar tiṫe gloine; £8,000 ar muiroibreaċa; £7,000 ar Talṁaíoċt, agus £5,000 ar hallaí siamsaí.

Tá daoine ann adéarfaḋ gur rudaí iad sin a ba ċeart a ċaiṫeaṁ arna mbeaḋ an ceantar seo 'na Ġaeltaċt ċor ar biṫ, agus cibé fá sin, tá sé measarṫa soiléir gur rudaí iad naċ gcuirfiḋ a ċoíċe, bun geilleagraċ faoi cúrsaí na Gaeltaċta.

Aċ, féaċ ċoṁ deas mín plámásaċ a cuirtear é in Alt 101;—

"Idir na scéimeanna a ḃfuil feiḋm leo sa Ġaeltaċt aṁáin, ⁊ na scéimeanna gineáralta a ḃfuil soċar níos fearr le fáil fúṫa i gcás na Gaeltaċta caiṫeaḋ £500,000 beagnaċ," sa Ġaeltaċt i 1963-64.

Agus ansin, de réir dealraiṁ, tá na Stát-seirḃísí breá sásta do ḃfuil ċuile rud i gceart insan nGaeltaċt. Agus críoċnaíonn siad:

"Ceann de na neiṫe is mó atá le déanaṁ is ea na feirmeoirí a spreagaḋ ċun tairḃe a ḃaint as a ḃfuil ar fáil dóiḃ ċeana féin, de ḋeontais, de iasaċta agus de ċineálaċa eile cúnaiṁ ó gníoṁaireaċtaí éagsúla de ċuid an Stáit."

Beiḋ talaṁ maiṫ ar carraigeaċa Rann na Feirste agus Rosmuc go fóill. Is glas iad na cnoic i ḃfad uainn.